FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Ialtóga Éireann

Is speiceas an-líonmhar atá san ialtóg - timpeall an ceathrú cuid de na mamaigh a chónaíonn ar thalamh na hÉireann. Is iomaí ainm a thugtar orthu i nGaeilge: 'ialtóga', 'sciatháin leathair', 'leadhbóga leathair' agus fiú amháin 'an bás dorcha!' Mar sin féin, is beag duine a chonaic ialtóg lena shúile cinn riamh. In Éirinn agus ar fud an domhain go léir, is iomaí sin piseog agus miotas a leanann na hainmhithe beaga cliste fionnaidh seo, agus bíonn daoine anuas ar na hialtóga bochta dá bharr sin. Cad é fírinne an scéil, mar sin? Cad iad na cineálacha ialtóg atá le fáil in Éirinn? Cén cineál saoil a chaitheann siad? An ndéanann siad leas daoine daonna ar aon bhealach? Cad é mar is féidir linne cuidiú leo maireachtáil go slán sábháilte?

Na Miotais a Bhréagnú

Amharcfaimid i dtosach ar roinnt seanmhiotas i dtaobh na hialtóige.

Ialtóga i nGruaig do Chinn?

Seans gurb é an miotas is coitianta i dtaobh na n-ialtóg ná gur minic iad ag dul in achrann i bhfolt gruaige na mban. Chuir muintir na hÉireann a gcasadh beag féin leis an scéal seo. Má éalaíonn an ialtóg agus ribe de ghruaig na mná léi, is amhlaidh atá damnú síoraí i ndán don bhean bhocht sin! Ní fios cad é is foinse don mhiotas seo. Seans go bhfacthas ialtóga ag eitilt go híseal os cionn daoine agus iad sa tóir ar na míoltóga a bhíonn ag eitilt thart ar dhaoine daonna agus an lá ag dul ó sholas. Is cinnte gur beag fianaise atá ann go mbíonn ialtóga ag baint de ghruaig aon duine!

As Blind as a Bat?

Mar is léir ón sean-nath Béarla sin, creideann daoine nach bhfuil radharc na súl ag ialtóga. Is fíor gur súile beaga ar bheagán fáis atá i súile mhórchuid na speiceas ialtóige, ach is amhlaidh a bhítear ag brath orthu lena mbealach a dhéanamh thart agus le hathruithe i ngile an tsolais a aithint, go háirithe ar éirí agus luí na gréine. Ach oiread le cuid mhaith ainmhithe oíche, ní léir don ialtóg dathanna.

Luchóga Eitilte?

Is minic ialtóga á gcur i gcosúlacht le luchóga. Déarfadh duine, ar an gcéad amharc, go bhfuil ialtóga áirithe ar an méid chéanna le luchóga, agus go bhfuil an dath céanna ar a gcuid fionnaidh agus an cruth céanna ar a gcluasa. Bíodh sin mar atá, is aicme eile mamach ar fad iad na hialtóga, a dtugann lucht na heolaíochta chiroptera orthu ('lámhsciathán' an chiall atá leis an bhfocal Laidine sin.) Is iad na hialtóga an t-aon chineál mamaigh a bhfuil bua na heitilte acu. Difríocht mhór eile idir ialtóga agus luchóga ná líon na n-óg a thugann siad chun an tsaoil in aghaidh na bliana. Cuireann ialtóga tréimhse fhada thoirchis isteach, agus ní thugann siad ach ialtóg óg amháin chun an tsaoil faoi dheireadh. Tréimhse thoirchis an-ghearr a chuireann luchóga den mhéid chéanna isteach, agus bíonn ál an-mhór acu ag a deireadh.

Braiteoirí radair

Creideann a lán daoine go bhfuil a mbraiteoirí radair féin ag ialtóga. Níl ach cuid bheag den fhírinne sa mhéid sin. Is amhlaidh a bhíonn ialtóga ag brath ar a n-acmhainn sonóra seachas ar aon acmhainn radair. I gcás na n-ialtóg, baintear leas as fuaimeanna agus macallaí, fad is go mbíonn córas radair ag brath ar fhuinneamh leictreamaighnéadach. Bíonn ialtóga in ann a mbealach a dhéanamh thart trí fhuaimeanna ultrasonacha a chur díobh (nach gcloiseann aon duine daonna iad). Buaileann



Corp Ialtóige

na fuaimeanna seo in éadan rudaí soladacha, agus preabann ar ais chun na hialtóige mar shraith mhacallaí. Insíonn na macallaí seo a lán eolais don ialtóg mar gheall ar mhéid, ar chuth, ar luas agus ar threo na rudaí atá timpeall uirthi. Is iad na macallaí seo a chuireann ar chumas na hialtóige feithidí idir 2-20 mm ar mhéid a aimsiú, agus gluaiseacht timpeall gan bualadh in éadan aon ní.

Tá ialtóga in ann, chomh maith le hainmhithe eile ar nós míolta móra agus deilfeanna, íomhá shonach den timpeallacht a chruthú.

An Baol Dúinn Iad?

Murab ionann agus luchóga, níl aon chontúirt sláinte ag baint le hialtóga. Ní dhéanann ialtóga aon dochar struchtúrach do thithe trí adhmad ná cáblaí leictreacha a chreimeadh, ná ní bhíonn ábhair nide á dtabhairt isteach i bhfoirgnimh acu. Maidir lena gcuid caca, níl ann ach píosaí d'fheithidí nach ndíleáitear mar is ceart agus imíonn sé ina phúdar mín nach bhfuil dochar ar bith ann. Ní bhaineann ialtóga greim as aon duine, ach amháin má bhítear á láimhseáil go garbh. Le fírinne, déanann ialtóga leas mór dúinn, nó itheann siad an-chuid feithidí. Cuid de na feithidí sin, is péisteanna díobhálacha iad.

Ialtóga na hÉireann

San am i láthair, tá seacht speiceas ialtóige in Éirinn. Baineann siad le dhá aicme ar leith, crú-ialtóga (Rhinolophidae) agus feascarlucha (Vespertilonidae). Is furasta dealú idir speicis áirithe, ach teastaíonn saineolas chun roinnt speiceas eile a aithint thar a chéile. Chaithfeá a

Ialtóg fheascrach

Ialtóg chluasach

Cac cuid de na Mórspeicis Ialtóige

bheith eolach ar ghnéithe amhail an trágas (maothán cluaise breise) agus an calcar (sraith loingeáin a shíneann ar feadh sheicin an eireabaill).

Is ialtóga beaga gach ceann de na seacht speiceas seo. Is iad toisí na hialtóige is lú acu 35-45mm ó cheann go heireaball agus rud éigin faoi bhun 8 ngram meáchain inti. Is iad toisí na hialtóige is mó acu 54-64mm agus rud éigin faoi bhun 20 gram inti. Bíonn feithidí á n-ithe ag gach cineál ialtóige. Cuid de na feithidí sin tá siad chomh beag bídeach sin is nach bhfeicfeá le do shúile cinn iad. Itear leamhain agus ciaróga measartha mór chomh maith.

1. An Chrú-Ialtóg Bheag – Ialtóg nach bhfuil a Leithéid Eile Ann

Is í seo an t-aon chrú-ialtóg in Éirinn, go bhfios dúinn. Is í freisin an t-aon ialtóg a bhfuil sraith de dhuilleoga casta sróine ar a haghaidh. Níl aon trágas aici. Is é an chuma atá ar cheann amháin de na duilleoga sróine seo ná mar a bheadh crú capaill ann timpeall ar phollairí na hialtóige. Ialtóg bheag leochaileach is ea an chrú-ialtóg bheag, a chónaíonn i sé chontae de chuid iarthar na tíre. Le linn aimsir an tsamhraidh, cónaíonn siad i scaotha móra – suas le roinnt céadta acu le chéile – i seantithe móra agus i stáblaí is i sciobóil. Bíonn siad ar crochadh ansin i mbarr an tí gan bacadh le dul i bhfolach, greim coise acu ar bhíomaí agus ar phlancanna. Caitheann siad an geimhreadh i bhfoirgnimh agus in áiteanna faoi thalamh, amhail uaimheanna agus siléir, áit a bhfanann siad agus a gcorp cuachta suas ina sciatháin acu. Tá an speiceas imithe in éag i roinnt mhaith réigiún san Eoraip, rud a fhágann go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis an sciar díobh a chónaíonn in Éirinn.

2. An Fheascarluch Choiteann – Ialtóg Bheag Choitianta

Is í seo an ialtóg tí is lú agus is coitianta dá bhfuil in Éirinn. Cluasa gearra uirthi, agus soc gearr freisin. Cónaíonn siad le chéile i gcoilíneachtaí móra le linn aimsir an tsamhraidh. Bíonn na céadta ialtóg i gcuid de na coilíneachtaí seo. Bíonn siad ag eililt go héidreorach fánach agus iad ag seilg bia ar feadh chiumhas coille agus fálta sceach, i ngairdíní agus in áiteanna láimh le huisce. Más beag féin í, itheann an ialtóg seo suas le 3,000 feithid bheag in aon oíche amháin!

3. Ialtóg Dhaubenton – Ialtóg Uisce

Ialtóg mheánmhéide a bhfuil aghaidh bhándearg ribeach uirthi, paistí maola thart ar na súile agus cluasa cruinne beaga. Tá ribí fada míne ar feadh chiumhas sheicin an eireabaill, agus tá cosa cuíosach mór uirthi, mar ialtóg! Cónaíonn coilíneachtaí díobh i bhfoirgnimh, ach is minic iad ina gcónaí go haonarach nó i mbaiclí beaga istigh sna scoilteanna i seandroichid chloiche. Is furasta an speiceas seo a aithint le linn dóibh a bheith ag seilg, nó fanann siad gar go leor do bharr an uisce, áit a mbeireann siad ar fheithidí uisce lena gcosa.

4. An Ialtóg Chluasach

Is furasta an ialtóg seo a aithint as a súile móra geala agus as a cluasa ollmhóra, atá tuairim is trí cheathrú chomh fada le corp na hialtóige féin. Ialtóg mheánmhéide atá ann a chónaíonn i gcoilíneachtaí beaga istigh i seanfhoirgnimh. Bíonn idir 10 agus 30 ialtóg ar fad sna coilíneachtaí seo. Ainmhí lúfar lúbach atá ann a théann ag seilg bia thart timpeall ar chrainn agus ar thomáin mhóra, áit a mbíonn feithidí ag ithe an duilliúir. Tá an chuma ar an scéal go mbíonn sí ag brath ar radharc na súl agus ar fhuaim na bhfeithidí le linn di a bheith ag seilg, seachas a bheith ag brath ar mhacallaí mar is nós le hialtóga.

5. Ialtóg Natterer – Ialtóg Éagoitianta

Ialtóg mheánmhéide a bhfuil aghaidh fhada bhándearg lom

uirthi, agus cluasa cuíosach fada. Tá sraith de ribí righneacha ar feadh chuid de sheicin an eireabaill. Ní minic a thagtar ar choilíneachtaí de chuid an speicis seo, ach corrshampla i seantithe agus in eaglaisí. Tá an ialtóg lúfar lúbach go leor agus í ag siúl ar an talamh cothrom, áit a mbíonn sí ag seilg céadchosach agus gailseach.

6. Ialtóg Leisler – Ialtóg na Sciathán Fionnaidh

Is í seo an speiceas is mó a chónaíonn in Éirinn. Tá fionnadh tiubh uirthi chomh fada lena rí agus seicin an sciatháin, agus is dá bhrí sin a tugadh an t-ainm 'ialtóg na sciathán fionnaidh' uirthi. Cluasa gearra leathana uirthi agus tágas ar chruth muisiriúin. Cónaíonn si i bhfoirgnimh mhóra, agus is minic a bhíonn sí amuigh ag seilg roimh luí na gréine, gan dul mórán níos ísle ná barr na gcrann. Meastar í a bheith coitianta go leor in Éirinn agus gann go maith ar fud an chuid eile den Eoraip.

Ialtóg Leisler

7. An Ialtóg Ghiobach – Ialtóg Éagoitianta

Speiceas beag í seo a bhfuil soc caol uirthi agus dath dúdhonn nó dubh ar a cuid fionnaidh. Cuma mhínéata atá ar a cuid fionnaidh, agus is dá bharr sin a thugtar 'giobach' mar leasainm uirthi. Cónaíonn sí i gcoilíneachtaí beaga nach mbíonn níos mó ná deich n-ialtóg ar fad iontu. Is i seanfhoirgnimh thréigthe a chónaíonn sí, ar shlí go mbíonn sé deacair go leor teacht uirthi. Is minic a neadaíonn sí i measc speiceas eile, ar shlí nach dtabharfá faoi deara í ar chor ar bith. Bíonn sí ag seilg thart fá na coillte, faoi fhálta sceach agus in áiteanna láimh le huisce.

Roinnt gnáthóg ina mbíonn ialtóga



Timthriall shéasúrach na nIaltóg

Cé go mbíonn ialtóga timpeall ar feadh na bliana go léir, caitheann ialtóga na hÉireann a saol de réir thimthriall na séasúr. I dtús an earraigh, bíonn na hialtóga baineann ag lorg áiteanna tirime sábháilte ina dtabharfaidís a gclann chun an tsaoil. Is gnách gur i bhfoirgnimh a chónaíonn siad le linn an ama seo. Is é an t-ainm a thugtar ar scata ialtóg bhaineann agus a gcuid ialtóg óg ná 'coilíneacht mháithreacha'. Ní bhíonn aon bhaint ag na hialtóga fireann leis na gnóthaí seo, agus cónaíonn siad sin i gcoilíneachtaí dá gcuid féin, ar shiúl ó na máithreacha.

Is i mí an Mheithimh/Iúil a bheirtear na hialtóga óga, ag brath ar theocht na haimsire (bíonn moill ann má bhíonn an t-earrach fuar) agus ar fheithidí a bheith ar fáil mar fhoinse bhia do na hialtóga baineann. Bíonn an ialtóg óg ag brath go huile is go hiomlán ar an mháthair ar feadh sé nó ocht seachtaine. Bíonn an mháthair ag tabhairt na cíche dóibh ar feadh an ama seo agus ní fhágann sí an ialtóg óg ina haonar ach amháin nuair a bhíonn uirthi féin dul ag seilg san oíche.

Tagann scaipeadh ar na coilíneachtaí máithreacha faoi lár Lúnasa. Bíonn na hialtóga óga in ann eitilt faoin am seo. Is le linn an fhómhair a bhíonn an séasúr na cúplála ann, ach ní go dtí an t-earrach ina dhiaidh sin a thosaíonn tréimhse thoirchis na n-ialtóg. Ní bhíonn feithidí le fáil go rófhairsing le linn dheireadh an fhómhair, agus aimsíonn na hialtóga áiteanna sábháilte le haghaidh chodladh an gheimhridh. Le linn chodladh seo an gheimhridh, titeann teocht coirp na n-ialtóg go dtí cibé teocht atá san aer. Lagaíonn go mór ar bhualadh a gcroí agus tagann moilliú mór ar oibreacha a gcoirp go léir. Is é seo a chuireann ar a gcumas maireachtáil ar an mbeatha a d'alp siad le linn an fhómhair.

Rudaí is Baol d'Ialtóga

Is minic nach féidir le hialtóga bealach isteach a aimsiú sna foirgnimh atá roghnaithe acu. Is minic gur trí thaisme a tharlaíonn seo (le linn d'obair dheisiúcháin a bheith ar siúl, cuir i gcás), ach

déantar d'aon turas chomh maith é (trí ainbhios agus baotheagla). Is i gcrainn a bhíonn a ngnáthóg ag cineálacha áirithe ialtóg, agus caillfidh siad an ghnáthóg sin má leagtar an crann. Ialtóga eile, cónaíonn siad sna scoilteanna istigh i ndroichid chloiche. Má dhúntar na scoilteanna seo, tá seans ann go gcaillfear an ghnáthóg, nó rud is measa fós, go mbeidh ialtóga sáite istigh sa chloch gan aon bhealach éalaithe acu. Cuid de na háiteanna faoi thalamh ina mbíonn ialtóga (uaimheanna, siléir agus araile), is minic an iomarca daoine ag tarraingt orthu, sin nó go ndéanann loitiméirí dochar dóibh. Bíonn ialtóga á marú ag cuid de na ceimiceáin a úsáidtear chun adhmad a leasú, fiú míonna fada i ndiaidh gur spraeáladh iad. Tá athruithe ag dul i bhfeidhm ar an tírdhreach chomh maith. Tá fálta sceach á leagan, bogaigh á ndraenáil, scrobarnach á glanadh agus sean-nósanna talamhaíochta á dtréigean ar shlí a laghdaíonn ar líon agus ar éagsúlacht na bhfeithidí is foinse bhia don ialtóg.

Tá ialtóga ina speiceas cosanta faoi bhun An tAcht um Fhiadhúlra 1976. I mí an Mheithimh 1993, shínigh Éire An Comhaontú Eorpach um Ialtóga a bhfuil sé de chuspóir aige ialtóga a chosaint ar shlí níos éifeachtaí trí láithreáin agus gnáthóga a chaomhnú.

Conas is féidir cabhrú?

Is iad an dream is mó ar féidir leo cabhrú ná iad siúd a mbíonn ialtóga ina dtithe acu am éigin le linn na bliana. **Is é an bealach is fearr chun ialtóga a chosaint ná gan cur isteach orthu ar aon bhealach.**

- ***Moltar d'údaráis áitiúla roinnt scoilteanna oscailte a fhágáil ar bhun seandroichead deisithe.***
- ***Is féidir le grúpaí pobail, óige agus scoile boscaí adhmaid a fheistiú chun go ndéanfaidh ialtóga cónaí iontu. Is cúiteamh é seo ar ghnáthóga a chaillfear nuair a leagtar crainn.***
- ***Is féidir leat féin ballraíocht a bhaint amach i ngrúpa ialtóg nó fiú do ghrúpa féin a bhunú. Beidh tú in ann muintir na háite a chur ar an eolas faoi ialtóga.***

Má tá sé beartaithe aon obair dheisiúcháin a dhéanamh ar dhíonta nó obair chóirithe a dhéanamh ar adhmad i bhfoirgneamh atá á ngnáthú ag ialtóga, ba cheart é sin a chur in iúl do Dúchas, an tSeirbhís Oidhreachta, Páirceanna Náisiúnta Fiadhúlra agus don Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.

Cuid riachtanach dár n-oidhreacht nádúrtha iad na hialtóga. Caithfimid iad a thabhairt slán.

Foinsí Eolais

Dúchas, Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an tSeirbhís Oidhreachta, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus na nOileán
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 6473000.

Tionscadal Ialtóg VWT – Brainse na hÉireann
Domhnach Phádraig, Áth Cinn, Contae na Gaillimhe.
Teil: (093) 35304.

Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann,
3 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 676 8588
Ríomhphost: wildlife@indigo.ie

Cumann Ialtóg Bhaile Átha Cliath
Merryfalls Cottage, Lána Harristown, Teampall Mhaighréide, Contae Bhaile Átha Cliath.
Teil: (01) 676 8588
Ríomhphost: wildlife@indigo.ie

Cumann Ialtóg na Gaillimhe
Merville-by-the-Bridge
Órán Mór, Contae na Gaillimhe
Teil: (091) 794435

Tuilleadh Léitheoireachta

Fairley, J. (1984). An Irish Beast Book. Blackstaff Press.

I. Richardson, P.W. (1985). Bats. Whittet Books, London.

Stebbings, R.E. (1986). Which Bat is it? Mammal Society, London.

Stebbings, R. (1986). Distribution and Status of Bats in Europe. H.M.S.O. Books.

Stebbings, R.E. (1988). European Bats. London, Christopher Helm.

Stebbings, R.E. & Walsh, S. (1991). Bat Boxes. The Bat Conservation Trust, London.

Thompson, S. (1989). Bats in the Garden. School Garden Company, Lincs.

Richarz, K. (1993). The World of Bats: The Flying Goblins of the Night. TFH Publications.

Mulleneux, J. (1989). Discovering Bats. East Sussex, Wayland.

Vincent Wildlife Trust Bat Project – Ireland. Bat Back, ina bhfuil bileog eolais, póstaer daite agus leabhráin faoi na speicis éagsúla.

Is iad na daoine is na dreamanna a d'ullmhaigh an téacs seo an Dr Kate McAney, Bat Conservation Office; V.W.T.I.O.P.W. Bat Project, Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá na léaráidí á n-athfhoilsiú le caoinchead an Vincent Wildlife Trust agus an Ollaimh J.S. Fairley.

Arna eisiúint ag
ENFO – An tSeirbhís Eolais Comhshaoil,
17 Sráid San Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teil: **1890 200 191, (01) 888 3910 / 888 3933**
Facs: **01-888 3946**
R.phost: **info@enfo.ie**
Gréasán: **www.enfo.ie**

Is féidir scríobh nó bualadh isteach chugainn ag an seoladh thuas, nó breathnú ar sheastáin eolais ENFO in oifigí d'údaráis áitiúil féin nó i Leabharlann na Cathrach/an Chontae.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO de chuid na Roinne Comhshaoil & Rialtais Áitiúil

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte
Deireadh Fómhair 2004